

agus í ag rá go mbíodh sé ag fiarraidh cén uair a mbeinn ag teacht anall. Páidín Ciarán a thugaidís air, Páidín Ó Maoilchiaráin.

Thiar sa Séipéal anseo ar an oileán a phós muid i 1955. Bhí an tAifreann ag a h-aon dhéag. Ba é an tAth. Ó Mórán a phós muid. Ba í mo chol ceathar Máirín Ní Chonghaile agus mo chol ceathar Pháidín Mairtín Ó Fátharta a sheas linn.

Sa teach anseo a bhí an bhainis. Bhí bricfeasta againn leis an Sagart abhus anseo sa teach. Tháinig an dream óg san oíche agus bhí ceol agus damhsa go maidin agus ar feadh píosa maith den lá ina dhiaidh sin. Chloisfinn na fir a rá go ndeachaigh siad amach sa teach taobh amuigh agus gur bhrúth siad iasc ann tar éis na hoíche.

Ní feictear dom go raibh sé deacair socrú síos arís ar an oileán tar éis Mheiriceá. Cheap muid go raibh feabhas tagtha ó d'imigh muid, bhí chuile shórt le fáil sa siopa. Bhí dhá siopa ar an oileán i gcónaí agus pub, níl anois ann ach siopa amháin.

Bhí muid sásta go leor, ghlac muid leis. Bhí go leor daoine dá n-aois féin ar an oileán i bhfad níos mó ná tá anois.

Isteach sa teach seo a phós mé. Aint le Páidín a thóg an teach seo. Máire Pháidín a bhí uirthi, Páidín a bhí ar a fear, Páidín Ó Flatharta. Bhí sí féin agus a fear ar feadh dhá bhliain déag i Meiriceá agus nuair a tháinig siad abhaile thóg siad an teach seo i 1910 agus bhí sí ag cuir lóistín ar fáil anseo ar feadh blianta fada. Is anseo a d'fhanadh an Sagart nuair a thagadh sé le hAifreann a léamh ag an deireadh seachtaine ní raibh aon Sagart ar an oileán, agus na cuairteoirí a thagadh. Is gearr go mbeidh sé céad bliain. Bhí sí á inseacht dom, mhair sí thart ar bhliain go leith tar éis dúinn pósadh.

Bhí Máirín againn m'iníon, rugadh Máirín i mí Iúil agus fuair Máire Pháidín bás mí Eanáir dár gcionn, is cuimhin liom go dtagadh sí isteach sa seomra ar maidin ag breathnú ar an bpáiste. Rugadh Máirín sa teach bhí sé an-deacair an t-oileán a fhágáil á mbeadh ort dul ag an Ospidéal an t-am sin. Ní raibh banaltra seasta ar an oileán ag an am. Bhí an saol crua go maith na blianta sin. Ní raibh leictreachas ná an t-uisce ar an oileán. Ní raibh againn ach móin. Chaithfeadh gach teach locht móna fháil. Is cuimhin liom bean an tí

seo, bhíodh sí ag iarraidh dhá locht i gcónaí mar gheall ar na cuairteoirí a bheith aici, lucht báid. Nuair nach mbíodh na báid in ann a theacht isteach, bhíodh siad ag tógáil an bhualtrach sna buailte nuair a bhíodh sé tirim ach ní raibh aon bhuaineas ann. Is mó luaithreach a bhí air ná tada. Ach ansin thosaigh an gual ag teacht agus bhí sé níos éasca é fháil sa deireadh mar ní raibh na báid ag teacht, bhí an mhóin glan.

Bhíodh siad ag faire go luath sa mbliain ar bháidín Mháirtín Phádraicín, sin é a thugadh m'athair air, thagadh sé go luath san Earrach. Bhíodh siad go dona gan an mhóin, ba chuma ach an mhóin a bheith acu. Ar an tine a bhrúití fataí, an t-arán sa mbacús, agus tine a chur ar a bharr. Ba í an mhóin an gantan ba mhó a bhí ar an oileán. Chaití í a spáráil. Nuair a bhíodh lucht ceannaithe thagadh gaolta le cúnamh a thabhairt an mhóin a thabhairt suas ón gcéibh ar fhaitíos go n-eireoidh an fharraige, ní fhagfí thar oíche ar an gcéibh í. Chuirí suas ar an mbuaille í agus ansin tharraingníodh siad abhaile í le carranna capail.

Tá mé féin píosa maith blianta ag coinneáil cuairteoirí ó bhí Máirín thart ar dhá bhliain d'aois, d'fhanadh an Sagart oíche nó dhó nuair a thagadh sé ag an deireadh seachtaine. Bhíodh cuairteoirí ag teacht ag an doras ag iarraidh lóistín ach sé an chaoi ar thosaigh mé, - an bhanaltra a bhí ar an oileán a chuir beirt scoláirí ón Ollscoil agam, beirt chailíní le Gaeilge a fhoghlaím. Chuir sí scoláirí eile agam ina dhiaidh sin. Agus ansin d'iarr fear an tsiopa orm, Ruaidhrí Beag, Sagairt a bhíodh ag teacht aige mí Meitheamh a choinneáil, sin é athair an fhir atá anois ann.


Is iomaí duine a tháinig agus a d'fhan anseo ó chuile áit sa domhan. Chaith Pól Ó Foighíl an fhaid is a bhí sé ag teacht ar an oileán, anseo liom. An fear bocht fuair sé tinn go tobann. Bíonn daoine ag teacht chuig an oileán chuile am den bhliain. Fuair m'fhear Páidín bás ceithre bliana déag ó shoin. Tá m'iníon Máirín agus a fear John Connole ina gcónaí i gCo. an Chláir. Bíonn siad isteach go minic. Chaith mé

an Nollaig gar do Bhaile Uí Bheacháin i gContae an Chláir. Tá beirt chlainne acu Cillian agus Cormac. Bíonn siad isteach go minic. Chaith mé an Nollaig in éineacht leo i gContae an Chláir, tá sé go h-álainn ann ach b'fhearr liom an t-oileán mar sin féin. Is mór an comhlúadar na cuairteoirí, tugann sé rud le déanamh dom, agus na beithí coiníonn mé cúpla beithíoch freisin is maith liom iad.

Tá go leor dul chun cinn déanta ar an oileán leis na blianta, ach bheadh faitíos ort mar sin féin go dtiocfadh sé chun deiridh. Tá daoine ag imeacht i gcónaí. D'imigh cúpla comhlúadar le gairid, sin rud nach mbíodh ag tarlú fadó. Agus níl mórán páistí ag dul ag an scoil. Níl mórán iascach á dhéanamh sé an trua é, níl an aimsir ann. Is dócha go mbíodh an aimsir níos breátha fadó. Bhíodh go leor ronnach agus chuile chinneáil á marú.

Thug an t-eitleán saoirse breá dúinn. Tá súil agam go mbeidh sí againn i gcónaí. Fuair muid litreacha an lá cheana go mbeidh gearradh siar uirthi. Ní fhágfainn an t-oileán ar rud ar bith, ach á gcuirtí deireadh leis an eitleán is beag nach ndéarfainn go bhfágfadh, ní thiocfainn ar an mbád ar thada.

Máire Pháidín Uí Mhaoilchiaráin



An Bhrídeog

Tá an tradisiún seo ar an oileán leis na cianta. Is oíche speisialta í oíche na Féile Bríde do na cailíní bunscoile. Déantar an bhrídeog as dornán tuí. Cuirtear maide slat choill trasna sa dornán mar lámha. Cuirtear éadach bán ar a ceann, gúna agus maisítear í le ríbiní ioldaite agus bróistí. Cuirtear súile, srón agus béal uirthi agus ar ar ndóigh an sparán leis an airgead a chur ann.

Is tar éis na scoile a théann na cailíní thart ó theach go teach, beirt le gach brídeog agus deir siad an phaidir in onóir Naomh Bríd agus is beannacht í seo do chuile theach ar an oileán ar an oíche seo.

**Crios Bhríde mo chríos
Muire is a Mac, Bríd is a brat
Más fearr atá sibh anocht
Go mba seacht fearr a bheidh sibh
bliain ó anocht.**

Tá na paidreacha seo in onóir do Naomh Bríd agus fuair mé fhéin iad ó mo mháthair.

**A Bhríd, a Mhuire na nGael
Scar orainn do bhrat,
A Bhríd, a chroí na féile
Stiúraigh sinn ar an mbóthar ceart
A Bhríd a mhaighdean gheal chóir
Cuidigh linn roimh Dhia na glóir
In mo shuí dhom, im luí dhom san oíche nó
sa ló.**

**Go mbeidh mé leatsa choiche is go deo.
A Bhríd, a Mhuire na nGael
Leathnaigh orm do bhrat,
Is coinnigh faoi do thearmann mé
Go bhfaighe mé bás gcairdeas Dé.**



Urnaí do Naomh Bhríd

A Bhríd dhilís Naofa
Réalt Lonrach na naofachta
Nuair ba neartmhuire creideamh Gael
Agus nuair ba mhó grá ar Dhia na huilechumhachta
Nar thréig muid ariamh
Is agatsa a chuirimid ár nguidhe anois
Le díogras agus le dóchas
Mar thug tusa cúl le saibhreas, le pléisiúir
agus le grá an tsaoil seo.
Faigh grásta dhúinn Ríocht Dé agus
An fhíréantacht a chuartú thar aon rud eile
Agus muinín a bheith againn i gcónaí
as a riar aithriúil.

As ucht na déirce a rinne tú ar feadh do shaoil
Ar na daoine bochta, ar na daoine tinne agus ar gach
Duine a bhíodh ag lorg Solais agus sólas.
Fáigh dúinne go ndéanfaidh muid ár ndícheall i
nghuidhe Dé i rith ár saoil,
Agus go mbeidh muid ag tnúth, mar bhí tusa le beatha
Na Glóire i láthair Dé, Ar feadh na síorafochta.
As ucht na síochána naofa a bhí agat ar leabha do bháis
Faigh maithiúnas iomlán, ár bpeacaí agus suimhneas
aighe
Dúinne le dhul i láthair an Tiarna ina bhfuil
an ceart agus an mhórtthrocáire. Áiméan

Tobar an Chinn Dheirg

Is tobar beannaithe é seo atá suite i mbuaille in aice an tSéipéil. Déantar turas ag an tobairín seo ar an 15 Mí Lúnasa nó Féile Muire Mór sa fhómhar. Deirtear go leigheasadh daoine ann fadó – óltar braon beag den uisce as an tobairín seo tar éis na paidreacha a rá, seacht n-uaire a théitear timpeall air. Bhí scéal beag faoin tobairín seo ag daoine. 'Bhí an t-uisce gann fadó mar bhí an-triomach ann agus thug fear uisce as tobairín seo – chuir sé sa chiteal é ach níor fhiuch an citeal ariamh'. Cinn dearg nó ceann dearg, deirtear gur bhean í seo a raibh gruaig rua uirthi.